Comhairle an
Aontais Eorpaigh

# Ceacht do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois

**Lámhleabhar** céim ar chéim do ghairmithe oideachais



# AN CLÁR

**CEACHT FAOI LEITH DO DHAOINE OS CIONN 60 BLIAIN D'AOIS...............3**

**NA PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ AGUS NA PRÍOMHCHUSPÓIRÍ FOGHLAMA......................................................................................................4**

CUSPÓIRÍ FOGHLAMA DO DHAOINE ATÁ 60+ BLIAIN D'AOIS....................................4

**EOLAS FAOIN GCEACHT ....................................................................................5**

STRUCHTÚR AGUS FAD AN CHEACHTA.................................................................5

ULLMHÚCHÁN........................................................................................................5

ÁBHAIR AGUS NAISC ..............................................................................................8

EOLAS CÚLRA DO MHÚINTEOIRÍ............................................................................8

**AN CEACHT CÉIM AR CHÉIM ............................................................................9**

RÉAMHRÁ .............................................................................................................9

CUID 1 - AN TAONTAS EORPACH AGUS AN TÍR S'AGAINNE ....................................9

CUID 2 - MAR A BHÍ AGUS MAR ATÁ .......................................................................13

CUID 3 - MAR A DTÉANN AN TÍR S'AGAINNE I GCION AR AN AONTAS EORPACH ...15

CLABHSÚR AN CHEACHTA ......................................................................................17

# Ceacht faoi leith do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois



Is cuid de phacáiste oideachais shibhialta an lámhleabhar seo, pacáiste a bhaineann le Comhairle an Aontais Eorpaigh/an Chomhairle Eorpach. Tá sé chatagóir ceachtanna ann, le go mbeadh ceacht ann a oirfeadh do gach uile leibhéal oideachais san Aontas.

Sa lámhleabhar seo atá á léamh anois agat, tá plean ceachta a forbraíodh go speisialta dóibh siúd atá 60+ bliain d'aois. Ní ceacht é seo a dhéanfá asat féin, ach i ngrúpa. Mar chuid de chlár foghlama ar feadh an tsaoil in ionad pobail, mar shampla, nó mar chuid de chlár do dhaoine scothaosta ar an ollscoil.

Mura bhfuil an ceacht seo oiriúnach do do ghrúpasa nó má mhúineann tú grúpaí eile freisin ar leibhéil éagsúla oideachais, féach na ceachtanna eile sa phacáiste oideachais shibhialta atá dírithe go háirithe ar:

- Daltaí bunoideachais ± 9 – 12 bhliain d'aois
- Foghlaimeoirí praiticiúla ar an meánscoil (sinsear) - ± 12 – 19 mbliana d'aois
- Foghlaimeoirí teoiriciúla ar an meánscoil (sinsear) - ± 12 – 19 mbliana d'aois
- Foghlaimeoirí praiticiúla san oideachas treasach - ± 17 – 25 bliana d'aois
- Foghlaimeoirí teoiriciúla san oideachas treasach - ± 17 – 25 bliana d'aois

**Fónann an ceacht seo do riachtanais oideachais daoine atá 60+ bliain d'aois, cosúil le Maria.**

Chaith Maria (67) formhór mór dá saol ag obair in óstáin agus i mbialanna agus d'imigh sí ar scor cúpla bliain ó shin. Phós sí ach ní raibh aon chlann uirthi. Cailleadh a fear céile agus ba mhaith léi aithne a chur anois ar dhaoine nua agus rudaí nua a fhoghlaim ar a caoithiúlacht.

Is é an cineál ceachta is mó a thaitneodh léi, ábhar a mbeadh luí aici féin leis. Cuireann sí spéis i bhfaisnéis nua agus i ndearcthaí nua, chomh fada agus nach mbíonn an iomarca le sú isteach go léir le chéile. Ní mór di aga a bheith aici a marana a dhéanamh agus ciall a bhaint as aon eolas nua.

Ba mhaith le Maria tuilleadh a fhoghlaim faoin Aontas Eorpach ionas go mbeadh ar a cumas a bheith ag cur is ag cúiteamh

Tá teacht ar na pleananna ceachta uile a bhaineann leis an bpacáiste oideachais shibhialta ag an nasc seo a leanas: https://consilium.europa.eu/education; agus tiocfaidh tú ar ábhair eile oideachais freisin má tá fonn ort tuilleadh fós a mhúineadh faoin Aontas Eorpach.

N.B.: tosaigh i gcónaí leis an gceacht seo, toisc go dtugann sé cuntas breá simplí faoina bhfuil i gceist leis an Aontas Eorpach.

# Na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhchuspóirí foghlama

Is é is aidhm don phacáiste oideachais shibhialta a d’fhorbair Comhairle an Aontais Eorpaigh/an Chomhairle Eorpach, dul i bhfeidhm ar an bpobal trína chur ar na súile dóibh ‘cén fáth, céard é agus cén chaoi’ a n-oibríonn an tAontas Eorpach agus a chuid institiúidí. Dírítear ar na nithe sin atá ag dó na geirbe ag saoránaigh, idir óg agus aosta, agus deis acu a marana a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann an tAontas Eorpach i gcion ar an saol s’acu agus an méid sin a phlé. Ba chóir go mbeadh dáimh ag daoine scothaosta leis an Aontas Eorpach agus iad i mbun cainte faoi.

Is iomaí saoránach a dhéanann talamh slán den Aontas agus den chomhar Eorpach. Leis an bpacáiste seo, gheobhaidh siad léargas ar an bhfáth ar chinn 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh dul i bpáirt le chéile. B’fhéidir gur ceist shimplí í sin, ach is ceist fíorthábhachtach í freisin más uait a thuiscint go baileach cén fáth nach féidir ceisteanna faoi leith a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta agus cén fáth a bhféachtar le teacht ar réitigh a fhónann do mhuintir na hEorpa go léir. Sin é dlúth agus inneach obair na Comhairle. Téann na Ballstáit i mbun caibidlíochta go dtí go dtagann siad ar réiteach a oibríonn do chách. Is í an dlúthpháirtíocht bun agus barr an scéil.

Seo a leanas príomhtheachtaireachtaí an phacáiste oideachais shibhialta maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh/an Chomhairle Eorpach:

- Polaitíocht na hEorpa - is é do chúramsa é! (céard é agus cén chaoi)
- bíonn na 27 mBallstát ag tarraingt le chéile ar mhaithe leis an leas coiteann (cén fáth)

## Cuspóirí foghlama do dhaoine atá 60+ bliain d’aois

- Le linn an cheachta seo, gheobhaidh rannpháirtithe léargas soiléir ar an gceangal idir a dtír féin agus an tAontas Eorpach.
- Agus iad i mbun an cheachta seo, breathnóidh na rannpháirtithe siar ar a saol féin agus ar shaol na nglúnta a tháinig ina ndiaidh san Aontas, pléifidh siad na hathruithe a tharla agus déanfaidh comparáid eatarthu.
- Agus an ceacht déanta, beidh ar chumas na rannpháirtithe cuntas a thabhairt ar cén chaoi go baileach a bhfónann an tAontas Eorpach dá saol laethúil.
- Beidh tuiscint acu, ach a mbeidh an ceacht críochnaithe, ar an gcaoi a dtéann a dtír féin i gcion ar chlár oibre an Aontais.



# Eolas faoin gceacht

## Struchtúr agus fad an cheachta

Trí chuid atá sa cheacht agus ba chóir 50–60 nóiméad, más féidir, a chur ar leataobh chuige, ag brath ar an méid ama atá agat. Seo a leanas amchlár inmholta, agus cur síos céim ar chéim ina dhiaidh sin ar na hábhair agus ar na modhanna oibre.

| 5 nóiméad | Cuid 1: An tAontas Eorpach agus an | Cuid 2: Mar bhí agus mar atá (20 nóiméad) | Cuid 3: Mar a dtéann an tír s'againne i gcion ar an | 5 nóiméad |
|---|---|---|---|---|
| 60 nóiméad | | | | |

## Ullmhúchán

Tá an plean ceachta seo réidh le húsáid ag gairmithe oideachais ach a mbeidh na céimeanna thíos leanta acu. Ní mór ullmhú mar is ceart, mar sin féin. Féadfaidh tú an ceacht a chur in oiriúint do chúlra agus do riachtanais oideachais an ghrúpa. Bí cinnte go mbainfidh tú leas as na naisc úsáideacha a cuireadh ar fáil, agus ná bíodh drogall ort do chuid eolais féin nó do chuid taighde féin a chur leis.

### *Cén chaoi is ceart tú féin a ullmhú?*

Bí cinnte go mbeidh a fhios agat cá mhéad rannpháirtí a bheidh páirteach ann agus cá mhéad ama a bheidh agat. Mura n-oireann an ceacht, mar a ndéantar cur síos air sa lámhleabhar, do líon na rannpháirtithe nó don am atá ar fáil, déan iarracht é a choinneáil chomh gar don bhuncheacht agus is féidir má athraíonn tú aon ní ó thaobh struchtúr an cheachta de. Bain feidhm as na sleamhnáin atá ar fáil chun cloí le struchtúr inmholta an cheachta.

### *Ullmhúchán do chuid 1: An tAontas Eorpach agus an tír s'againne*

Is leis an Aontas Eorpach i gcoitinne a bhaineann sleamhnáin 1-5 agus tá siadsan ar fáil (réidh lena n-úsáid). Cuideoidh sleamhnáin 6, 7 agus 8 leat a dhéanamh amach cé acu staid náisiúnta/réigiúnach/áitiúil a bhaineann leat féin agus ní mór duit iad a ullmhú de réir na dtreoirlínte thíos.

*Ullmhaigh sleamhnán 6: Faisnéis ghinearálta*

Aimsigh agus líon isteach an fhaisnéis seo a leanas:

- Cathain a tháinig an tír s'agatsa isteach san Aontas Eorpach?

  (Tá an t-eolas a bhaineann le do thírse le fáil ar https://european-union.europa.eu/principles-countries-history/eu-enlargement_ga)
- An mó feisire atá ag do thírse i bParlaimint na hEorpa?

  (Tá an t-eolas a bhaineann le do thírse le fáil ar https://www.europarl.europa.eu/meps/ga/home)
- Cé hé nó cé hí Coimisinéir Eorpach do thírese? Cén réimse beartais atá acu?

  (Tá an t-eolas a bhaineann le do thírse le fáil ar https://commissioners.ec.europa.eu/index_ga)
- Cén bheirt airí náisiúnta (ar dócha gur chuala na rannpháirtithe trácht orthu) a bhfuil baint mhór acu le beartais an Aontais? (Mar shampla, an tAire Gnóthaí Eachtracha, Aeráide agus Talmhaíochta).
- Ainm do chinn stáit (e.g. an tUachtarán) nó do chinn rialtais (e.g. an Príomh-Aire) a fhreastalaíonn ar chruinnithe mullaigh an Aontais (scrios 'stáit/' nó '/rialtais' de réir mar is iomchuí).

Is ar do staid pholaitiúil náisiúnta reatha atá an dá phointe dheireanacha bunaithe.

*Ullmhaigh sleamhnán 7: An tAontas Eorpach sa réigiún s'againne*

- Breathnaigh ar an suíomh gréasáin 'Na nithe a dhéanann an Eoraip dom' ag an nasc seo a leanas le heolas a fháil faoi thionscadail i do réigiúnsa: https://what-europe-does-for-me.europarl.europa.eu/ga/region
- Tabhair tuairisc ghairid ar thionscadal nó dhó a fuair maoiniú ón Aontas agus a gcuirfeadh na rannpháirtithe spéis iontu. Ní gá dul ró-mhion sa scéal anseo; níl uait ach a thaispeáint do na rannpháirtithe gur minic lámh ag an Aontas i dtionscadal ar leac an dorais.

*Ullmhaigh sleamhnán 8: Cúrsaí reatha*

- Caith súil ar na foinsí nuachta náisiúnta agus roghnaigh ábhar atá bainteach leis an Aontas Eorpach. Mar shampla: Reachtaíocht de chuid an Aontais a tugadh isteach i mbeartais náisiúnta s'agaibh, nó cruinniú mullaigh de chuid an Aontais ar fhreastail ceann stáit nó rialtais do thírese air le déanaí. Bí cinnte nach ábhar é atá íogair ó thaobh na polaitíochta de. Is ar mhaithe le heolas é seachas díospóireacht pholaitiúil a spreagadh.

- Cuir seat scáileáin d’alt faoin ngiota nuachta sin isteach san ionadchoinneálaí ar an sleamhnán.

### *Ullmhúchán do chuid 2: Mar a bhí agus mar atá*

1. Bí cinnte go mbreathnaíonn tú ar na sleamhnáin atá ar fáil agus ar na bileoga ábhair/ráitis sula dtosaíonn an ceacht ionas go mbeidh cur amach éigin agat ar na ráitis a bheidh á bplé ag na rannpháirtithe.
2. Cuir ag obair i ngrúpaí beaga na rannpháirtithe. Tá 6 ábhar/ráiteas ann. Má tá líon mór rannpháirtithe agat, féadfaidh tú an t-ábhar/ráiteas céanna a thabhairt do níos mó ná aon ghrúpa amháin. (Má tá breis is sé ghrúpa agat, féadfaidh tú an t-ábhar céanna a thabhairt do ghrúpaí éagsúla.) Mura bhfuil ach líon beag rannpháirtithe agat, féadfaidh tú níos lú ná sé ábhar a roghnú.
3. Priontáil cibé méid bileog ábhair/ráitis a bheidh ag teastáil.

### *Ullmhúchán do chuid 3: Mar a dtéann an tír s’againne i gcion ar an Aontas Eorpach*

1. Don chuid seo den cheacht, beidh gléasanna leictreonacha de dhíth ar na rannpháirtithe agus teacht ar an idirlíon. Is é sin le rá, fón cliste, táibléad nó ríomhaire.
2. Ní mór a shocrú ar fearr leat go dtabharfadh na rannpháirtithe a ngléasanna féin leo, nó an gcuirfidh tú gléasanna áirithe nó iad go léir ar fáil dóibh. Cuir na gléasanna i bhfearas de réir mar atá beartaithe agat don chuid seo. Ba cheart gléas leictreonach amháin ar a laghad a bheith ann in aghaidh an ghrúpa. Má tá níos mó ar fáil, féadfar iad a úsáid/a dháileadh go cothrom i measc na ngrúpaí.
3. Caith súil ar an suíomh gréasáin ‘An tAontas agus do shaol laethúil’, a bheidh á úsáid ag na rannpháirtithe: https://www.consilium.europa.eu/ga/the-eu-in-your-daily-life/
4. Breathnaigh ar an sleamhnáin atá ar fáil agus ar an suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh eolais faoi thosaíochtaí an Aontais: https://european-union.europa.eu/priorities-and-actions/eu-priorities_ga
5. Ar shleamhnán 15, cuir isteach cén uair go deireanach a raibh an Uachtaránacht ag an tír s’agatsa agus an chéad uair eile a mbeidh sí aici.

## Ábhair agus naisc

- Sleamhnáin PowerPoint
- Bileoga ar a bhfuil ábhair/ráitis

Tá teacht ar na hábhair thuas ag an nasc seo a leanas:
www.consilium.europa.eu/education

- Na gléasanna leictreonacha a bheidh le húsáid i gcuid 3 den cheacht (fón cliste, táibléad nó ríomhaire)

## Eolas cúlra do mhúinteoirí

Tá eolas cúlra mionsonraithe faoi Chomhairle an Aontais Eorpaigh, faoin gComhairle Eorpach agus faoin Aontas Eorpach i gcoitinne le fáil ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

https://www.consilium.europa.eu
https://europa.eu

Nó caith súil ar an bhfoilseachán

12 cheacht faoin Eoraip – cur síos ar an Aontas Eorpach



# An ceacht céim ar chéim

Lean na céimeanna seo agus an ceacht á dhéanamh agat le do ghrúpa. **Bí cinnte go ndéanfaidh tú an t-ullmhúchán mar is ceart roimh ré**, mar a mhínítear thuas.

## Réamhrá 5 nóiméad ar a mhéad

Más grúpa é a mhúineann tú go rialta, cuir fáilte rompu agus inis dóibh go hachomair faoi ábhar an cheachta, gan dul ró-mhion sa scéal.

Más grúpa é nach mbeidh agat ach an t-aon uair amháin, bí cinnte go gcuirfidh tú fáilte chroíúil rompu agus go gcuirfidh tú tú féin in aithne (d'ainm féin, ainm na heagraíochta agus cad chuige atá tú anseo inniu). Inis dóibh go hachomair faoi ábhar an cheachta, gan dul ró-mhion sa scéal.

N.B.: ag brath ar an méid ama a bheidh agat, b'fhéidir go mba mhaith leat go gcuirfeadh gach duine iad féin in aithne go gasta.



## Cuid 1 - An tAontas Eorpach agus an tír s'againne 10 nóiméad

Is é atá i gceist le Cuid 1 den cheacht, a bheag nó a mhór, eolas faoin Aontas Eorpach a thabhairt do na rannpháirtithe ionas go bhfeicfidh siad cad é an bhaint atá ag an Aontas lena saol féin.

Tá seacht gcinn de shleamhnáin ar fáil don chuid seo. Is leis an Aontas agus leis na hinstitiúidí i gcoitinne a bhaineann na chéad cheithre cinn acu, agus is leis an Aontas agus do thír féin go sonrach a bhaineann na trí cinn dheireanacha. Caith súil ar an gcuid thuas a bhaineann le hullmhúchán **lena chinntiú go mbeidh an t-eolas ceart curtha isteach sna sleamhnáin sin agat.**

Is é atá i gceist go mbeadh dóthain eolais ag na rannpháirtithe le go mbeidís ullamh do chuid 2 agus do chuid 3 den cheacht.

## *Na sleamhnáin a chur i láthair*

Bí cinnte nach gcuireann tú an iomarca eolais ar na sleamhnáin. Féach thíos cur síos ar na nithe is tábhachtaí ba cheart a thabharfadh na rannpháirtithe leo as gach sleamhnán. Tuairim is nóiméad a bheidh agat le sleamhnán a chur i láthair. Féadfaidh tú an chuid seo a dhéanamh níos idirghníomhaí freisin ach a fhiafraí do na rannpháirtithe cad é atá ar eolas acu faoi gach ceann de na hábhair (sleamhnáin) sula gcuirfidh tú i láthair iad. Féadfaidh tú leas a bhaint as na ceisteanna roghnacha thíos (faoi gach sleamhnán) chun an cur i láthair a dhéanamh níos idirghníomhaí.

N.B.: Cuir in iúl go soiléir do na rannpháirtithe cé acu is fearr leat ceisteanna a fhreagairt le linn an chuir i láthair nó ina dhiaidh.

### *Sleamhnán 2: Teacht ar réitigh ar fhadhbanna trasteorann*

Is tionscadal comhpháirteach é an tAontas Eorpach le haghaidh comhar eacnamaíoch agus polaitiúil idir 27 mBallstát.

Is treise na Ballstáit ag treabhadh ar aghaidh bonn ar aon. Is gníomhaí polaitiúil fornáisiúnta é an tAontas Eorpach, rud a chiallaíonn gur i gcomhar le chéile a dhéantar an chinnteoireacht ar ábhair áirithe. Is faoi na Ballstáit atá sé na cinntí a dhéantar ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

### *Sleamhnán 3: Bunús an Aontais Eorpaigh agus amlíne*

Ba ar mhaithe le comhar i dtrádáil cruaiche agus guail a cruthaíodh an tAontas i dtús aimsire lena chinntiú nach mbeadh cogadh 'go brách arís' ar mhór-roinn na hEorpa, agus tháinig fás agus forbairt air riamh is choíche go raibh clú Aontas na luachanna gnóthaithe aige ar deireadh.

Ceisteanna roghnacha a d'fhéadfaí a fhiafraí le go mbeadh an seisiún níos idirghníomhaí:

- Cad atá ar eolas agat faoi conas mar a tháinig an tAontas Eorpach i gceann a chéile?
- Cathain a cuireadh tús le lánpháirtiú na hEorpa?

### *Sleamhnán 4: Institiúidí an Aontais agus a ndéanann siad*

**An Chomhairle Eorpach:** cinn stáit nó rialtais, a chinneann treoir pholaitiúil agus tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh.

**An Coimisiún Eorpach:** cumhacht feidhmiúcháin neamhspleách an Aontais Eorpaigh. Coimisinéir amháin in aghaidh an Bhallstáit. Is é an Coimisiún a mholann reachtaíocht nua don Aontas Eorpach.

**Parlaimint na hEorpa:** 'guth an phobail' san Aontas Eorpach. Rialú daonlathach ar an bpróiseas reachtaíochta. Roinneann an chumhacht reachtach le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

**Comhairle an Aontais Eorpaigh:** 'guth na mBallstát' san Aontas Eorpach. Aire amháin ó gach Ballstát le haghaidh deich n-ábhar éagsúla. Roinneann an chumhacht reachtach le Parlaimint na hEorpa.

Ceisteanna roghnacha a d'fhéadfaí a fhiafraí le go mbeadh an seisiún níos idirghníomhaí:

- Cé acu institiúid ina dtagann na cinn stáit nó rialtais le chéile?
- Cé acu institiúid a mholann reachtaíocht don Aontas Eorpach?
- Cé acu institiúid a dtoghann saoránaigh an Aontais a cuid comhaltaí go díreach?
- Cé acu institiúid a dhéanann ionadaíocht thar ceann rialtais na mBallstát?

### *Sleamhnán 5: An reachtaíocht Eorpach*

Cuireann an Coimisiún Eorpach reachtaíocht nua chun cinn ach a socraíonn an Chomhairle Eorpach na tosaíochtaí. Déanann Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh araon an reachtaíocht atá beartaithe a phlé, a leasú agus vótáil uirthi, san iomaí babhta más gá. Má ghlactar an reachtaíocht, is é an Coimisiún Eorpach atá freagrach as í a fhorfheidhmiú agus as a chinntiú go ndéanann na Ballstáit í a chur chun feidhme/a dhaingniú ar an leibhéal náisiúnta.

Ceist roghnach a d'fhéadfaí a fhiafraí le go mbeadh an seisiún níos idirghníomhaí:

- An bhfuil a fhios agat conas mar a ghlactar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh?

### *Sleamhnán 6: Eolas ginearálta faoin tír s'againne san Aontas Eorpach*

Staidreamh agus figiúirí mar a d'ullmhaigh tú iad.

Ceist roghnach a d'fhéadfaí a fhiafraí le go mbeadh an seisiún níos idirghníomhaí:

- Cathain a tháinig an tír s'againne isteach san Aontas Eorpach?

*Sleamhnán 7: An tAontas Eorpach sa réigiún s'againne*

Tionscadail sa réigiún ar mhaith leat aird a tharraingt orthu. Is ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta, dar ndóigh, a phléitear go leor leor ábhar. Ach mar a fheicfidh na rannpháirtithe anseo, bíonn an tAontas Eorpach ar leac an dorais freisin. Is iomaí tionscadal réigiúnach a mhaoiníonn an tAontas Eorpach.

(Ceist roghnach a d'fhéadfaí a fhiafraí le go mbeadh an seisiún níos idirghníomhaí)

- An eol duit faoi aon tionscadal sa réigiún s'againne a fhaigheann maoiniú ón Aontas?

*Sleamhnán 8: Cúrsaí reatha sa tír s'againne atá bainteach leis an Aontas Eorpach*

Ag brath ar an alt nuachta a roghnaíodh le linn an ullmhúcháin.

## *Ceisteanna le linn an chuir i láthair/ina dhiaidh*

- Bí cinnte go gcuireann tú am i leataobh ar mhaithe le ceisteanna breise. Mura bhfuil freagra agat ar cheisteanna ar leith, abair leis na rannpháirtithe go bhfiosróidh tú níos déanaí iad agus go dtiocfaidh tú ar ais chucu. Féadfaidh tú é sin a dhéanamh agus iad ag obair astu féin i gcuid 3 den cheacht.
- Nóta tábhachtach: d'fhéadfadh sé go mbeadh fonn ar rannpháirtithe áirithe cromadh ar phlé polaitiúil faoin Aontas Eorpach nó faoi ábhar ar leith. Ní hé an chuid seo den cheacht an tráth é sin a dhéanamh. Má tharlaíonn sin, inis do na rannpháirtithe go mbeidh deis acu labhairt faoi thosaíochtaí an Aontais i gcuid 3 den cheacht.



## Cuid 2 - Mar a bhí agus mar atá ⌛ 20 nóiméad

Cead cainte anois ag na rannpháirtithe i ngrúpaí beaga. Is ar mhaithe le cuimhní cinn a insint an comhrá seo, taithí a roinnt agus labhairt ar an saol mar a bhí, sula raibh cónaí orthu san Aontas Eorpach (nó ag tús a ré san Aontas) le hais an saol mar atá anois. Conas mar atá saol a gclann clainne nó daoine óga eile ar a n-aithne éagsúil leis an saol mar a bhí nuair a bhí na rannpháirtithe féin óg? Is leis na hathruithe atá feicthe acu féin go pearsanta an t-ábhar cainte:

- **An tSíocháin**: Is síochánta í an Eoraip a bhfuil ár gclann clainne cleachta léi ná mar a bhíomarna agus sinn féin óg
- **Bonneagar**: Tá an bonneagar dulta i bhfeabhas ó tháinig an tír s'againne isteach san Aontas Eorpach
- **Geilleagar**: Tá borradh faoinár ngeilleagar ó thángamar isteach san Aontas Eorpach
- **An Taisteal/An Turasóireacht**: Tá níos mó den Eoraip feicthe ag an dream óg ná mar atá feicthe agamsa
- **Cosaint na hoidhreachta cultúrtha**: Tá ár n-oidhreacht cultúrtha á tabhairt slán le maoiniú ón Aontas
- **Ag obair agus ag staidéar thar lear**: Bhí mé in ann obair agus/nó staidéar i dtír eile san Eoraip agus mé féin óg.

### *Cruthaigh pléghrúpaí (2 nóiméad)*

1. Shocraigh tú cé mhéad grúpa a bheadh ag teastáil agus tú i mbun ullmhúcháin. Phriontáil tú cibé méid bileog ábhair/ráitis a bheadh ag teastáil.
2. Cuir na rannpháirtithe i ngrúpaí beaga agus lig dóibh suí le chéile. Féadfaidh tusa iad a chur i ngrúpaí, nó, ós rud é gur ag obair le daoine fásta atá tú, d'fhéadfá é sin a fhágáil fúthu féin freisin.
3. Tabhair bileog ábhair/ráitis do gach grúpa.

### *Treoracha (1 nóiméad)*

Inis do na rannpháirtithe go mbeidh tuairim is 10-15 nóiméad acu chun an t-ábhar agus an ráiteas a phlé. Bí cinnte go dtuigfidh siad an sprioc atá leis: ní chun a dtuairimí féin maidir leis an ráiteas a chur in iúl atá siad, ach chun na hathruithe atá feicthe acu idir an saol mar a bhí agus an saol mar atá a phlé. *Conas mar atá saol a gclann clainne nó daoine óga eile ar a n-aithne éagsúil leis an saol mar a bhí nuair a bhí na rannpháirtithe féin óg, a mhéid a bhaineann leis na hábhair sin?*

## *Plé i ngrúpaí (10 - 15 nóiméad)*

1. Tabhair deis cainte, 10 - 15 nóiméad, do na grúpaí, ag brath ar chomh maith is atá an plé. Más beag is fiú an plé faoi cheann 10 nóiméad, féach leis an machnamh iomlánach a dhéanamh (mar a ndéantar cur síos air thíos).
2. Bíse féin gníomhach le linn an chuid seo den cheacht. Siúil timpeall agus bí cinnte go gcuirfidh tú do ladar isteach má imíonn an comhrá ar strae, má iompaíonn sé ró-dhiúltach, nó mura mbíonn cead cainte ach ag an aon rannpháirtí amháin sa ghrúpa.

## *Marana iomlánach (roghnach) nó do mharana féin (5 nóiméad ar a mhéad)*

1. Má bhíonn an t-am ann chuige, lig do dhaoine éagsúla cuntas a thabhairt don ghrúpa iomlánach ar a raibh pléite acu ina ngrúpaí beaga féin. Cad iad na hathruithe is mó a thug siad faoi deara idir an saol mar a bhí agus an saol mar atá, maidir leis an ábhar cainte a bhí acu? Féach chuige gur cur síos fiúntach, dearfach a bheadh anseo. Más drochathruithe amháin a chonacthas dóibh, fiafraigh an bhféadfaidís féin nó duine éigin eile aon athrú dearfach a ainmniú freisin.
2. Má bhí an plé fiúntach go leor gur lean sé ar aghaidh ar feadh 15 nóiméad, cuir clabhsúr leis an gcuid seo trí do mharana féin a thabhairt go gasta ar na mórathruithe ar chuala tú na grúpaí éagsúla ag trácht orthu.



## Cuid 3 - Mar a dtéann an tír s’againne i gcion ar an Aontas Eorpach 20 nóiméad

Tá borradh beag curtha anois go teoiriciúil ag na rannpháirtithe faoina bhfuil ar eolas acu faoin Aontas Eorpach agus chuir siad a dtuairimí pearsanta in iúl maidir leis na difríochtaí idir an saol mar a bhí agus an saol mar atá. Beidh deis ag na rannpháirtithe anois sa chuid dheireanach súil a chaitheamh iad féin ar an suíomh gréasáin ‘An tAontas Eorpach agus do shaol laethúil’ lena fháil amach cén chaoi a dtéann ábhair áirithe lena mbíonn an tAontas ag plé i bhfeidhm go díreach ar a saol féin.

Bunaithe ar an eolas a bheidh bailithe acu, iarrfar orthu na deich n-ábhar a chur in ord tosaíochta maidir le céard ba cheart don Aontas díriú air amach anseo, dar leo féin.

Pléifidh na rannpháirtithe an méid sin ansin mar ghrúpa iomlánach agus feicfidh siad an bhfuil aon chosúlacht idir an rangú a rinne siadsan agus tosaíochtaí an Aontais do 2024 - 2029. Ar an gcaoi sin, feicfidh na rannpháirtithe conas mar a leagtar amach tosaíochtaí an Aontais, agus cén bhaint (go polaitiúil) atá ag a dtír féin le clár oibre straitéiseach an Aontais a leagan amach.

Beidh gléas de dhíth ar na rannpháirtithe don chuid seo den cheacht. An suíomh gréasáin a bheidh le húsáid: An tAontas agus do shaol laethúil (tá cód QR chuige ar na sleamhnáin).

### *Treoracha (2 nóiméad)*

1. Inis do na rannpháirtithe gur ceadmhach dóibh a ngléasanna a fháil anois nó suí ag an ríomhaire.
2. Táthar ag iarraidh, leis an gcéad ghníomhaíocht eile, go bhfeicfidh na rannpháirtithe dóibh féin go bhfuil na nithe sin is tábhachtaí leo féin nó lena dtír ar chlár oibre an Aontais agus go dtugann sé aghaidh orthu ina chuid oibre. Ní hé an tAontas féin a leagann amach an clár oibre – is amhlaidh atá sé bunaithe ar a bhfeiceann na Ballstáit ag tarlú sa bhaile agus a measann siad gur fiú oibriú orthu i gcomhar le chéile.
3. Cuidigh leis na rannpháirtithe an suíomh gréasáin ‘An tAontas agus do shaol laethúil’ a láimhseáil. Inis do na rannpháirtithe go bhfuil thart ar 10 nóiméad acu chun breathnú ar an suíomh gréasáin.

### *Breathnú ar an suíomh gréasáin (8 nóiméad)*

1. Tabhair aga do na rannpháirtithe breathnú ar an suíomh gréasáin astu féin. Tabhair cúnamh do na rannpháirtithe sin a dteastaíonn roinnt treorach uathu.
2. Cuir in iúl go soiléir nach bhfuil i gceist leis an ngníomhaíocht seo ach léargas a fháil ar na nithe sin a bhíonn ar bun ag an Aontas Eorpach agus

a théann i bhfeidhm ar a saol laethúil féin, agus go bhféadfaidh siad an t-am a chaitheamh ag breathnú ar na hábhair sin is mó spéis leo féin.

N.B.: Má tá tuilleadh am fágtha agat, tabhair deis do na rannpháirtithe breathnú níos doimhne fós.

## *Na tosaíochtaí atá agat féin a rangú (3 nóiméad)*

1. Iarr ar na rannpháirtithe críochnú leis an méid atá á dhéanamh acu agus na gléasanna a chur i leataobh. Más mian leo breathnú arís ar an suíomh gréasáin, abair leo go gcuirfidh tú chucu an nasc ina dhiaidh seo.
2. Taispeáin an sleamhnán leis na hocht n-ábhar ón suíomh gréasáin:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bia | Ceannacháin | An t-idirlíon | An saol amuigh faoin aer |
| An tsláinte | Gairm bheatha | Airgead | Taisteal |

Agus dhá ábhar bhreise:

| | |
|---|---|
| Luachanna | An tslándáil |

3. Iarr ar na rannpháirtithe na trí cinn is tábhachtaí leo as na 10 n-ábhar sin a roghnú. Cad iad na hábhair a mheasann siad ba cheart a bheith ar bharr liosta na dtosaíochtaí ag an Aontas?

## *Tosaíochtaí an Aontais do 2024 – 2029 (7 nóiméad)*

1. Bain leas as na sleamhnáin chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a shocraítear clár oibre an Aontais. Féach chuige go dtuigeann na rannpháirtithe go bunúsach gurb iad na 27 gceannairí sa Chomhairle Eorpach, a bhfuil a gceann stáit nó rialtais féin mar chuid de, a shocraíonn an clár oibre polaitiúil agus an straitéis pholaitiúil.
2. Ansin, taispeáin dóibh an sleamhnán ar a bhfuil tosaíochtaí an Aontais do 2024 – 2029. Fiafraigh de na rannpháirtithe an bhfuil aon cheann dá dtrí mhórthosaíocht féin ina measc. Tabhair deis do chuid acu freagra gasta a thabhairt.
3. Cuir in iúl go bhfuil gach ceann de na 10 n-ábhar (agus tuilleadh lena chois) sna trí phríomhthosaíocht, i mball éigin:
   - Eoraip atá saor daonlathach: luachanna, an t-idirlíon, gairm bheatha, an tsláinte, ceannacháin etc.
   - Eoraip atá láidir slán: an tslándáil, airgead, ceannacháin, taisteal etc.
   - Eoraip a bheidh rathúil iomaíoch: airgead, *gairm bheatha, an saol amuigh faoin aer, bia etc.*

4. Mar fhocal scoir, cuir in iúl gur tionscadal comhpháirteach é an tAontas Eorpach le haghaidh comhar eacnamaíoch agus polaitiúil idir 27 mBallstát a bhfuil na luachanna céanna acu agus a roghnaigh treabhadh ar aghaidh bonn ar aon chun gur treise iad.
5. Lena chois sin: Tabharfaidh sé léargas spéisiúil do na rannpháirtithe má luann tú go hachomair uachtaránacht rothlach an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh tú an físeán ar shleamhnán 15 (1nóim49) a thaispeáint dóibh.

   N.B.: Tá ceacht faoin uachtaránacht rothlach sa phacáiste oideachais shibhialta freisin.

## Clabhsúr an cheachta ⌛ 5 nóiméad ar a laghad

1. Fiafraigh de roinnt rannpháirtithe cad é a d’fhoghlaim siad le linn an cheachta seo. An bhféadfadh duine ar bith cur síos a dhéanamh ar rud éigin a d’fhoghlaim siad? Cad atá ar eolas anois agat nach raibh roimhe seo?
2. Féach an dtuigeann siad faoin obair i gcomhar ach a fhiafraí de roinnt rannpháirtithe cén fáth ar chrom na 27 mBallstát ar oibriú le chéile.
3. Freagair aon cheist eile a bheadh ag na rannpháirtithe.

# An tSíocháin

*Is síochánta í an Eoraip a bhfuil ár gclann clainne cleachta léi ná mar a bhíomarna agus sinn féin óg.*

*Is síochánta í an Eoraip a bhfuil ár gclann clainne cleachta léi ná mar a bhí ár dteaghlaigh ná ár dtír féin 100 bliain ó shin.*

# Bonneagar

*Tá an bonneagar dulta*
*i bhfeabhas ó tháinig an tír*
*s'againne*
*isteach san Aontas Eorpach.*

# Geilleagar

*Tá borradh faoinár ngeilleagar ó thángamar isteach san Aontas Eorpach.*

# An Taisteal, An Turasóireacht

*Tá níos mó den Eoraip feicthe ag an dream óg ná mar atá feicthe agamsa.*

# An Oidhreacht Chultúrtha

*Tá ár n-oidhreacht cultúrtha á tabhairt slán le maoiniú ón Aontas.*

# Obair agus Staidéar

*Bhí mé in ann obair agus/nó staidéar i dtír eile san Eoraip agus mé féin óg.*